BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Dara Dlísheomra)

16 Meitheamh 2022*

[Téacs ceartaithe le hordú an 6 Meán Fómhair 2022]

(Mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh – Comhordú na gcóras slándála sóisialta – Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 – Airteagail 4, 7 agus 67 – Saorghluaiseacht oibrithe – Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 – Airteagal 7 – Cóir chomhionann – Sochair theaghlaigh – Buntáistí sóisialta agus cánach – Coigeartú méideanna ar bhonn leibhéal na bpraghsanna i Stát cónaithe na leanaí)

I gCás C-328/20,

CAINGEAN mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 258 CFAE, a tionscnaíodh an 22 Iúil 2020,

An Coimisiún Eorpach, dá ndéanann B.-R. Killmann agus D. Martin, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

iarratasóir,

arna thacú ag:

Poblacht na Seice, dá ndéanann J. Pavliš, M. Smolek agus J. Vláčil, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

Poblacht na Cróite, dá ndéanann G. Vidović Mesarek, ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

Poblacht na Polainne, dá ndéanann B. Majczyna, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

An Rómáin, dá ndéanann E. Gane agus L. Lițu, ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

Poblacht na Slóivéine, dá ndéanann J. Morela, ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

Poblacht na Slóvaice, dá ndéanann B. Ricziová, ionadaíocht i gcáil Gníomhaire,

Údarás Faireacháin CSTE, dá ndéanann E. Gromnicka, C. Howdle, J.S. Watson agus C. Zatschler, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

v

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

Poblacht na hOstaire, dá ndéanann M. Klamert, C. Pesendorfer, A. Posch agus J. Schmoll, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

arna thacú ag:

Ríocht na Danmhairge, dá ndéanann M. Jespersen, J. Nymann-Lindegren agus M. Wolff, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

Ríocht na hIorua, á ndéanann S. Hammersvik, J.T. Kaasin, L. Tvedt agus P. Wennerås, ionadaíocht i gcáil Gníomhairí,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT (an Dara Dlísheomra),

comhdhéanta de A. Prechal, Uachtarán an Dlísheomra, J. Passer, F. Biltgen (rapóirtéir), N. Wahl agus M.L. Arastey Sahún, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 20 Eanáir 2022,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína iarratas, lorgaíonn an Coimisiún Eorpach dearbhú ón gCúirt:

– trí shásra a bhunú chun liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí a choigeartú i gcás oibrithe a bhfuil cónaí buan ar a gcuid leanaí i mBallstát eile, gur mhainnigh Poblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagail 4, 7 agus 67 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1) agus faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas (IO 2011 L 141, lch. 1), agus

– trí shásra a bhunú maidir le Bónas an Teaghlaigh 'Plus', an liúntas do shaothraí aonair, liúntas an tuismitheora aonair agus an creidmheas cánach d'íocaíochtaí cothabhála, a choigeartú d'oibrithe imirceacha a bhfuil cónaí buan ar a gcuid leanaí i mBallstát eile, gur theip ar Phoblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán Uimh. 883/2004

2 Tá an méid seo a leanas in aithrisí 8, 12 agus 16 de Rialachán Uimh. 883/2004:

‘(8) Tá tábhacht ar leith ag baint le prionsabal ginearálta na córa comhionainne d’oibrithe nach bhfuil cónaí orthu i mBallstát a bhfostaíochta, lena n-áirítear oibrithe teorann.

…

(12) I bhfianaise na comhréireachta, ba cheart cúram a ghlacadh chun a áirithiú nach mbeadh torthaí nach bhfuil údar maith leo go hoibiachtúil mar thoradh ar phrionsabal na hasmhlaithe um fhíorais nó imeachtaí ná go ndéanfar forluí ar shochair den chineál céanna don tréimhse chéanna mar thoradh ar an bprionsabal sin.

…

(16) Laistigh den Chomhphobal, i bprionsabal, níl aon údar maith le cearta slándála sóisialta a bheith ag brath ar áit chónaithe an duine lena mbaineann; mar sin féin, i gcásanna sonracha, go háirithe maidir le sochair speisialta a bhaineann le comhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta an duine lena mbaineann, d’fhéadfaí an áit chónaithe a chur san áireamh.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

3 Foráiltear le hAirteagal 1(z) den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

…

(z) ciallaíonn “sochar teaghlaigh” gach sochar comhchineáil nó gach sochar in airgead tirim atá beartaithe chun costais teaghlaigh a íoc, gan airleacain i leith íocaíochtaí cothabhála agus liúntas speisialta breithe clainne nó uchtaithe a luaitear in Iarscríbhinn I a áireamh.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 3(1)(j) de Rialachán Uimh. 883/2004:

“Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an reachtaíocht ar fad a bhaineann leis na brainsí slándála sóisialta seo a leanas:

…

(j) sochair teaghlaigh.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cóir chomhionann’:

“Mura bhforáiltear a mhalairt faoin Rialachán seo, na daoine a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, beidh na sochair chéanna acu agus na hoibleagáidí céanna orthu faoi reachtaíocht aon Bhallstát le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

6 Tá an fhoclaíocht mar a leanas in Airteagal 5 de Rialachán Uimh. 883/2004, dar teideal ‘Cóir chomhionann maidir le sochair, ioncam, fíricí nó imeachtaí’.

‘Mura bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo agus i bhfianaise na bhforálacha cur chun feidhme speisialta atá leagtha síos, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) i gcás, faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, ina bhfuil éifeachtaí dlíthiúla áirithe ag fáil sochair slándála sóisialta agus ioncaim eile, beidh feidhm ag forálacha ábhartha na reachtaíochta sin freisin maidir le fáil sochar coibhéiseach a fhaightear faoi reachtaíocht Ballstáit eile nó ioncam a fhaightear i mBallstát eile;

(b) i gcás, faoi reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, ina gcuirtear éifeachtaí dlíthiúla i leith tharlú fíricí nó imeachtaí áirithe, déanfaidh an Ballstát fíricí nó imeachtaí cosúla a tharlaíonn in aon Bhallstát a thógáil san áireamh amhail is gur tharla siad ina chríoch féin.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Uimh. 883/2004, dar teideal ‘Rialacha cónaithe a tharscaoileadh’:

‘Mura bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo, ní bheidh sochair airgid thirim is iníoctha faoi reachtaíocht Ballstáit amháin nó níos mó nó faoin Rialachán seo faoi réir aon laghdú, leasú, fionraí, aistarraingt nó coigistiú i ngeall go bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ar bhaill dá theaghlach i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an institiúid atá freagrach as sochair a sholáthar suite.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, dar teideal ‘Baill den teaghlach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile’:

‘Beidh duine i dteideal sochar teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit inniúil, lena n-áirítear le haghaidh ball dá theaghlach nó dá teaghlach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, amhail is dá mba cónaí orthu sa Bhallstát inniúil sin. Mar sin féin, beidh pinsinéir i dteideal sochar teaghlaigh i gcomhréir le reachtaíocht an Bhallstáit atá inniúil dá phinsean nó dá pinsean.’ [Aistriúchán Neamhoifigiúil]

9 Leagtar síos in Airteagal 68 den Rialachán sin rialacha tosaíochta i gcás forluí, mar a leanas:

‘1. Más rud é, le linn na tréimhse céanna agus maidir leis na baill chéanna den teaghlach, go bhforáiltear do shochair faoi reachtaíocht níos mó ná Ballstáit amháin, beidh feidhm ag na rialacha tosaíochta seo a leanas:

(a) i gcás sochar is iníoctha ag níos mó ná Ballstát amháin ar bhoinn éagsúla, beidh an t-ord tosaíochta mar a leanas: ar an gcéad dul síos, cearta atá ar fáil ar bhonn gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe, ar an dara dul síos, cearta ar fáil ar bhonn pinsin a fháil, agus, ar deireadh, cearta a fhaightear ar bhonn áit chónaithe;

(b) i gcás sochar is iníoctha ag níos mó ná Ballstát amháin ar an mbonn céanna, bunófar an t-ord tosaíochta trí thagairt a dhéanamh do na fochritéir seo a leanas:
(i) i gcás cearta atá ar fáil ar bhonn gníomhaíochta mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe: áit chónaithe na leanaí, ar choinníoll go bhfuil gníomhaíocht den sórt sin ann …

…

2. I gcás teidlíochtaí forluiteacha, soláthrófar sochair teaghlaigh i gcomhréir leis an reachtaíocht a ainmnítear mar thosaíocht a bheith aici i gcomhréir le mír 1. Déanfar teidlíochtaí chun sochar teaghlaigh de bhua reachtaíochta nó reachtaíochta contrártha eile a chur ar fionraí suas go dtí an méid dá bhforáiltear sa chéad reachtaíocht agus cuirfear forlíonadh difreálach ar fáil, más gá, le haghaidh na suime atá níos mó ná an méid sin. …'

Rialachán Uimh. 492/2011

10 Foráiltear le hAirteagal 7(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 492/2011, atá le fáil i gCaibidil I de, faoi Roinn 2, dar teideal 'Fostaíocht a shaothrú agus an chóir chomhionann':

'1. Maidir le hoibrí ar náisiúnach de chuid Ballstáit é, ní fhéadfar, ar chríoch na mBallstát eile, cóir atá éagsúil leis an gcóir a chuirtear ar oibrithe náisiúnta a chur air mar gheall ar a náisiúntacht maidir le haon choinníollacha fostaíochta agus oibre, go háirithe maidir le luach saothair, le cur as fostaíocht, agus i gcás ina dtiocfadh sé chun bheith dífhostaithe, maidir le haischur i bhfostaíocht nó maidir le hathfhostú.

2. Teachtfaidh sé na buntáistí céanna sóisialta agus cánach agus a theachtann oibrithe náisiúnta.'

Dlí na hOstaire

FLAG

11 In Bundesgesetz betreffend den Familienlastenausgleich durch Beihilfen (An Dlí Cónaidhme maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais) an 24 Deireadh Fómhair 1967 (BGBl. 376/1967), arna leasú le Bundesgesetz mit dem das Familienlastenausgleichsgesetz 1967, das Einkommensteuergesetz 1988 und das Entwicklungshelfergesetz geändert werden (An Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme, 1967, maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus an Dlí maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta) an 4 Nollaig 2018 (BGBl. I, 83/2018) ('FLAG'), sonraítear, i mír 1 de, go ndeonaítear na sochair dá bhforáiltear ann 'd'fhonn costais ar mhaithe le leas an teaghlaigh a chúiteamh'.

12 Faoi Mhír 2(1) de FLAG, beidh daoine a bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí orthu san Ostair i dteideal liúntais teaghlaigh do leanaí mionaoiseacha.

13 Foráiltear le Mír 4 de FLAG:

'(1) Ní bheidh daoine atá i dteideal sochar coibhéiseach arna dheonú ag Stát eile i dteideal liúntais teaghlaigh.

(2) Gheobhaidh náisiúnaigh na hOstaire atá eisiata ó theidlíocht ar liúntais teaghlaigh de bhun fhomhír 1 nó Mhír 5[(4)] íocaíocht fhorlíontach a fháil más ionann méid an tsochair choibhéisigh arna dheonú ag Stát eile, dá bhfuil náisiúnaigh na hOstaire sin nó na daoine eile sin i dteideal (Mír 5[(4)]), atá níos ísle ná na liúntais teaghlaigh nach mór, d'éagmais an tsochair choibhéisigh thuasluaite, a bheith deonaithe dóibh faoin dlí feidearálach seo.

(3) Beidh an íocaíocht fhorlíontach ar aon dul leis an difríocht idir an sochar comhionann arna dheonú ag Stát eile agus na liúntais teaghlaigh nach mór bheith deonaithe dóibh faoin dlí feidearálach seo.

…

(6) Measfar íocaíochtaí forlíontacha mar liúntais teaghlaigh de réir bhrí an dlí cónaidhme seo; mar sin féin, ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le méid na liúntas teaghlaigh maidir le híocaíochtaí forlíontacha."

14 Tá na focail seo a leanas i Mír 5(3) agus (4) de FLAG:

'(3) Ní bheidh aon teidlíocht ar liúntais teaghlaigh do leanaí a bhfuil buanchónaí orthu thar lear.

(4) Ní bheidh aon teidlíocht ar liúntais teaghlaigh do leanaí a bhfuil teidlíocht ann ina leith ar íocaíocht de shochar coibhéiseach arna dheonú ag Stát eile. Ní eisiatar leis seo an deonú d'íocaíocht fhorlíontach (Mír 4(2)).'

15 Sonraítear i Mír 8 de FLAG:

'(1) Déanfar méid na liúntas teaghlaigh is iníoctha le duine a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do líon agus aois na leanaí dá ndeonaítear na liúntais teaghlaigh sin.

(2) Is ionann a bheidh méid míosúil na liúntas teaghlaigh agus:

…

3. ón 1 Eanáir 2018

(a) EUR 114 do gach leanbh le héifeacht ó thús na míosa féilire inar rugadh é nó í,

(b) EUR 121.90 do gach leanbh le héifeacht ó thús na míosa féilire ina slánóidh an leanbh trí bliana d'aois,

(c) EUR 141,50 do gach leanbh le héifeacht ó thús na míosa féilire a slánóidh an leanbh 10 mbliana d'aois,

(d) EUR 165,10 do gach leanbh le héifeacht ó thús na míosa féilire ina slánóidh an leanbh 19 mbliana d'aois.

(3) Déanfar liúntais teaghlaigh a mhéadú in aghaidh na míosa, in aghaidh gach linbh, de na méideanna seo a leanas,

…

3. ón 1 Eanáir 2018, má

(a) dheonaítear iad do bheirt leanaí: EUR 7,10,

(b) dheonaítear iad do thriúr leanaí: EUR 17,40,

(c) dheonaítear iad do cheathrar leanaí: EUR 26,50,

(d) dheonaítear iad do chúigear leanaí: EUR 32,

(e) dheonaítear iad do sheisear leanaí: EUR 35,70,

(f) dheonaítear iad do sheachtar leanaí nó níos mó: EUR 52.

(4) Déanfar liúntais teaghlaigh a mhéadú in aghaidh na míosa, in aghaidh gach linbh faoi mhíchumas, de na méideanna seo a leanas,

…

3. EUR 155.90 ón 1 Eanáir 2018.

…

(8) I gcás gach linbh a bhfuil 6 bliana d'aois slánaithe aige cheana féin i mbliain féilire nó a shroicheann 6 bliana d'aois agus nach bhfuil 16 bliana d'aois slánaithe aige nó aici fós, déanfar liúntais teaghlaigh a mhéadú le EUR 100 amhail ó Mheán Fómhair den bhliain féilire seo.’

16 Foráiltear le Mír 8a de FLAG:

‘(1) Méideanna na liúntas teaghlaigh (Mír 8) le haghaidh leanaí a bhfuil buanchónaí orthu ar chríoch Ballstáit eile den Aontas Eorpach, ar páirtí de chuid an Stáit sin é sa Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [an 2 Bealtaine 1992 (IO 1994 L 1, lch. 3) (“an Comhaontú LEE”)] nó an Eilvéis ar bhonn na leibhéal praghsanna comparáideacha arna bhfoilsiú ag Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh [(Eurostat)] do gach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, do gach ceann de na Stáit is páirtí sa Chomhaontú [LEE] agus don Eilvéis i ndáil leis an Ostair.

(2) Beidh feidhm ag méideanna na liúntas teaghlaigh dá dtagraítear i bhfomhír 1 ón 1 Eanáir 2019 ar bhonn na luachanna i gcomhréir le fomhír 1, arna fhoilsiú an 1 Meitheamh 2018. Ina dhiaidh sin, déanfar na méideanna sin a choigeartú gach dhá bhliain ar bhonn na luachanna arna bhfoilsiú an 1 Meitheamh den bhliain roimhe sin.

(3) Foilseoidh an Bundesminister für Frauen, Familien und Jugend [(Aire Chónaidhme Gnóthaí na mBan, an Teaghlaigh agus an Óige, an Ostair)], trí bhíthin rialachán arna ghlacadh i gcomhpháirt leis an Bundesminister für Finanzen [(Aire Chónaidhme Airgeadais, an Ostair)], na boinn ríomha agus na méideanna dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1 agus 2, agus na méideanna dá dtagraítear i bpointe 2 de mhír 33(3) den [Bundesgesetz über die Besteuerung des Einkommens natürlicher Personen (An Dlí Chónaidhme maidir le cánachas ioncaim na ndaoine nádúrtha), an 7 Iúil 1988 (BGBl. 400/1988), arna leasú ag Jahressteuergesetz 2018 (Dlí Cánach Bliantúil 2018) an 14 Lúnasa 2018 (BGBl. I, 62/2018) agus leis an Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme 1967 maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le

cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus an Dlí maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta an 4 Nollaig 2018 ("an EStG")].'

17 Sonraítear an méid seo a leanas i Mír 53 den FLAG:

'(1) Chun críocha an dlí fheidearálach seo, caithfear, a mhéid a eascraíonn sé sin ón gcomhaontú thuasluaite, le náisiúnaigh na bpáirtithe conarthacha sa Chomhaontú [LEE] ar an mbealach céanna le náisiúnaigh na hOstaire. Sa chomhthéacs sin, ní mór, i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail, go gcaithfear le buanchónaí linbh i Stát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [(LEE)] dá mbeadh sí coibhéiseach leis an gcaoi a gcaithfear le buanchónaí linbh san Ostair.

…

(4) Ní bheidh feidhm ag an dara habairt d'fhomhír 1 i ndáil le Mír 8a(1) go (3).

(5) Beidh feidhm ag Mír 26(3) den Bundesabgabenordnung [(Cód Cánach Cónaidhme)] … maidir leis na sochair dá dtagraítear sa dlí cónaidhme seo suas go dtí an 31 Nollaig 2018. Amhail ón 1 Eanáir 2019, ní bheidh feidhm ag mír 26(3) den Chód Cánach Cónaidhme, maidir le sochair dá bhforáiltear sa dlí cónaidhme seo, ach amháin maidir le daoine a bhfuil a n-áit fostaíochta thar lear agus atá ag gníomhú thar ceann údaráis áitiúil, agus dá gcéilí agus dá linbh.'

EStG

18 Foráiltear le Mír 33 de EStG:

'…

(2) Ní mór creidmheasanna cánach a asbhaint ón [méid cánach] mar thoradh ar chur i bhfeidhm fhomhír 1 san ord seo a leanas:

1. an creidmheas cánach 'Bónas Teaghlaigh "Plus"'dá dtagraítear i bhfomhír 3a; ní gá an Bónas Teaghlaigh 'Plus' a asbhaint a mhéid is mó é ná an cháin atá dlite ar ioncam inchánach faoi fhomhír 1;

2. na creidmheasanna cánach dá dtagraítear i bhfomhíreanna 4 go 6.

(3) Beidh cáiníocóirí a fhaigheann liúntais teaghlaigh faoin [FLAG] i dteideal creidmheas cánach de EUR 58.40 in aghaidh na míosa do gach leanbh, mar aon le híocaíocht de liúntais teaghlaigh. Ní bheidh feidhm aige seo sna cásanna seo a leanas:

1. Ní dheonófar creidmheas cánach do leanaí a bhfuil buanchónaí orthu lasmuigh de Bhallstát [AE] …, de Stát [LEE] nó den Eilvéis.

2. Maidir le leanaí a bhfuil buanchónaí orthu i gcríoch Ballstáit [AE] eile, i Stát ar páirtí eile é sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis, cinnfear méid an chreidmheasa cánach leanaí ar bhonn na leibhéal praghsanna comparáideacha, arna fhoilsiú ag [Eurostat] do gach Ballstát den Aontas Eorpach, do gach ceann de na Stáit is páirtí sa Chomhaontú [LEE] agus don Eilvéis i ndáil leis an Ostair:

(a) Ón 1 Eanáir 2019, déanfar méid na gcreidmheasanna cánach leanaí a choigeartú ar bhonn na luachanna a foilsíodh an 1 Meitheamh 2018. Ina dhiaidh sin, déanfar méid na gcreidmheasanna cánach leanaí a choigeartú gach dhá bhliain ar bhonn na luachanna arna bhfoilsiú an 1 Meitheamh den bhliain roimhe sin.

…

(3a) Beidh leanbh a fhaigheann liúntas teaghlaigh faoi [FLAG] agus a bhfuil buanchónaí air i mBallstát [AE] nó i chríoch atá mar páirtí eile sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis, i dteideal, arna n-iarraidh sin, chun an creidmheas cánach um Bónas Teaghlaigh Plus, de réir na bhforálacha seo a leanas:

1. Is ionann a bheidh méid an Bhónais Teaghlaigh Plus agus
   (a) EUR 125 in aghaidh na míosa féilire go dtí deireadh na míosa ina slánóidh an leanbh 18 mbliana d'aois,
   (b) EUR 41,68 in aghaidh na míosa féilire tar éis dheireadh na míosa ina sroichfidh an leanbh 18 mbliana d'aois.

2. De mhaolú ar phointe 1, maidir le leanaí a bhfuil buanchónaí orthu i gcríoch Ballstáit [AE] eile, i Stát ar páirtí eile é sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis, cinnfear méid an chreidmheasa cánach um Bónas Teaghlaigh 'Plus' dá dtagraítear i bhfomhír 4 ar bhonn na leibhéal praghsanna comparáideacha, arna bhfoilsiú ag [Eurostat] do gach Ballstát den Aontas Eorpach, do gach ceann de na Stáit is páirtí sa Chomhaontú [LEE] agus don Eilvéis i ndáil leis an Ostair:
   (a) Ón 1 Eanáir 2019, déanfar méid an Bhónais Teaghlaigh Plus agus na gcreidmheasanna cánach dá dtagraítear i bhfomhír 4 a choigeartú ar bhonn na luachanna a foilsíodh an 1 Meitheamh 2018. Ina dhiaidh sin, déanfar an méid sin a choigeartú gach dhá bhliain ar bhonn na luachanna arna bhfoilsiú an 1 Meitheamh den bhliain roimhe sin.

…

5. Ní bheidh feidhm ag an dara habairt de Mhír 26(3) den Chód Cánach Cónaidhme. Is eisceacht don riail seo na céilí agus na leanaí de cháiníocóirí a bhfuil a n-áit fostaíochta thar lear agus a oibríonn d'údarás áitiúil.

…

(4) Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil buanchónaí ar an leanbh i mBallstát [AE] nó i gcríoch ar páirtí eile í sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis, beidh feidhm ag na creidmheasanna cánach seo a leanas:

1. Beidh daoine atá ina saothróirí aonair i dteaghlach i dteideal liúntais an saothraí aonair. Is ionann a bheidh an liúntas sin agus:

   – EUR 494 do leanbh amháin (Mír 106(1)),

   – EUR 669 do bheirt leanaí (Mír 106(1)).

   Déanfar an méid sin a mhéadú faoi EUR 220 in aghaidh na bliana don tríú leanbh agus do gach leanbh breise faoi seach (Mír 106(1)).

   …

2. Beidh tuismitheoirí aonair i dteideal liúntais tuismitheora aonair. Is ionann a bheidh an liúntas sin agus:

   – EUR 494 do leanbh amháin (Mír 106(1)),

   – EUR 669 do bheirt leanaí (Mír 106(1)).

   Déanfar an méid sin a mhéadú faoi EUR 220 in aghaidh na bliana don tríú leanbh agus do gach leanbh breise faoi seach (Mír 106(1)). Is cáiníocóirí iad tuismitheoirí aonair a chónaíonn le leanbh amháin ar a laghad (Mír 106(1)) ar feadh níos mó ná sé mhí in aghaidh na bliana féilire ach nach gcónaíonn le páirtí nó le céile.

3. Beidh cáiníocóirí a bhfuil oibleagáidí cothabhála orthu i leith linbh i dteideal creidmheas cánach le haghaidh íocaíochtaí cothabhála de EUR 29.20 in aghaidh na míosa …

4. De mhaolú ar phointí 1 go 3, cinnfear méid na gcreidmheasanna cánach i leith leanaí a bhfuil buanchónaí orthu i gcríoch Ballstáit [AE] eile, i gcríoch ar páirtí eile í sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis i gcomhréir le pointe 2 d'fhomhír 3a. Sa chás go bhfuil an cáiníocóir i dteideal creidmheas cánach i leith roinnt leanaí agus go bhfuil na leanaí sin i dtíortha éagsúla, ní mór na leanaí is sine atá i dteideal an tsochair a chur san áireamh ar dtús sula mbreithneofar na leanaí is óige.

5. Ní bheidh feidhm ag an dara habairt de Mhír 26(3) den Chód Cánach Cónaidhme. Is eisceacht don riail seo na céilí agus na leanaí de cháiníocóirí a bhfuil a n-áit fostaíochta thar lear agus a oibríonn d'údarás áitiúil.

…

(7) Más lú ná EUR 250 an cháin ioncaim atá dlite faoi fhomhír 1 agus má tá an liúntas do shaothraí aonair nó liúntas tuismitheora aonair infheidhme, beidh feidhm ag an méid seo a leanas i gcás leanbh amháin a bheith sa teaghlach (Mír 106(1)):

1. Déanfar an difríocht idir EUR 250 agus an cháin dá dtagraítear i bhfomhír 1 a aisíoc i bhfoirm forlíonadh linbh.

2. I gcás ina bhfuil buanchónaí ar an leanbh i mBallstát [AE] nó i gcríoch ar páirtí eile í sa Chomhaontú [LEE] nó san Eilvéis, cuirfear an méid a bheidh de thoradh ar chur i bhfeidhm phointe 2 d'fhomhír 3a in ionad EUR 250.

   …

   Déanfar an méid sin a mhéadú, i gcás gach linbh bhreise (Mír 106(1)), de mhéid de EUR 250 nó an méid a ghabhfaidh ina ionad.

(8) 1. Más lú ná nialas an cháin ioncaim mar thoradh ar fhomhíreanna 1 agus 2, ní mór an liúntas do shaothraí aonair nó liúntas an tuismitheora aonair a íoc.

…'

19 Rialaítear méid na sochar teaghlaigh do leanaí a bhfuil buanchónaí orthu i mBallstát eile faoi Familienbeihilfe-Kinderabsetzbetrag-EU-Anpassungsverordnung (Rialachán lena gcoigeartaítear liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí san Aontas Eorpach) an 10 Nollaig 2018 (BGBl. II, 318/2018) ('an Rialachán um Choigeartú').

20 Sonraítear i mír 2(1) den Rialachán um Choigeartú:

'Chun críocha na méideanna dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh, socrófar comhéifeacht ceartúcháin bunaithe ar na hinnéacsanna a d'fhoilsigh [Eurostat] an 1 Meitheamh 2018 faoi "Leibhéil praghsanna chomparáideacha de thomhaltas deiridh ag teaghlaigh phríobháideacha, lena n-áirítear cánacha indíreacha (EU-28 = 100)".'

21 Tá tábla i mír 2(2) den Rialachán um Choigeartú ina leagtar amach na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir leis na Stáit éagsúla. Tá raon na gcomhéifeachtaí sin idir 0.450 (An Bhulgáir) agus 1.520 (an Eilvéis), agus is é 0.619 an chomhéifeacht do Phoblacht na Seice.

An Cód Cánach Cónaidhme

22 Foráiltear le Mír 26 den Chód Cánach Cónaidhme:

'(1) Beidh sainchónaí ar dhuine de réir bhrí na bhforálacha cánach i gcás ina bhfuil teaghais á áitiú aige nó aici in imthosca as a dtiocfaidh de as go ndéanfaidh sé nó sí an teaghais sin a chothabháil agus go n-úsáidfidh sé nó sí an teaghais sin.

(2) Bíonn gnáthchónaí ar dhuine de réir bhrí na bhforálacha cánach i gcás ina bhfuil cónaí air nó uirthi in imthosca a thabharfadh le fios nach bhfuil sé nó sí ag fanacht ach go sealadach san áit nó sa tír sin. …

(3) Déileálfar le náisiúnaigh na hOstaire a bhfuil conradh fostaíochta tugtha i gcrích acu le comhlacht poiblí agus a bhfuil a n-áit fostaíochta thar lear (státseirbhísigh coigríche) mar dhaoine a bhfuil gnáthchónaí orthu san áit a bhfuil an tseirbhís ina ndeonaítear an luach saothair suite. Beidh feidhm aige sin freisin maidir lena gcéilí, a mhéid is go bhfuil céilí mar chuid de theaghlach cónaithe, agus maidir lena leanaí mionaoiseacha ar cuid den teaghlach sin iad.'

Nós imeachta réamhdhlíthíochta agus imeachtaí os comhair na Cúirte

23 Le litir fhoirmiúil fógartha an 25 Eanáir 2019, d'iarr an Coimisiún ar Phoblacht na hOstaire a bharúlacha a thíolacadh maidir leis na hábhair imní a ardaíodh mar gheall ar theacht i bhfeidhm, amhail ón 1 Eanáir 2019, maidir leis an sásra coigeartúcháin a d'eascair as na leasuithe a rinneadh ar Mhír 8a de FLAG agus ar Mhír 33 de EStG le Dlí Cánach Bliantúil 2018 agus le Dlí Cónaidhme an 4 Nollaig 2018 ('an sásra coigeartúcháin'). Bhí an Coimisiún den tuairim go raibh an sásra sin chun sochair teaghlaigh agus buntáistí sóisialta agus cánach a choigeartú arna dheonú ag an mBallstát sin d'oibrithe a bhfuil leanaí acu, ar bhonn leibhéal na bpraghsanna sa Bhallstát ina bhfuil buanchónaí ar na leanaí sin, contrártha le hAirteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, nach bhféadtar sochair airgid thirim a laghdú dá réir de bharr an fhíorais go bhfuil cónaí ar bhall teaghlaigh, amhail leanbh, i mBallstát eile. Ina theannta sin, d'éiligh an Coimisiún, ós rud é go bunúsach nach mbaineann sé nach le hoibrithe na hOstaire ach le

hoibrithe ó Bhallstáit eile, gurb ionann an sásra coigeartúcháin agus idirdhealú indíreach atá contrártha le prionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus in Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 492/2011.

24 An 25 Márta 2019, d'fhreagair Poblacht na hOstaire don Choimisiún á shonrú go n-údaraítear le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 coigeartú na sochar teaghlaigh de réir áit chónaithe an linbh. D'áitigh an Ballstát sin, ar an gcéad dul síos, go bhforáiltear le dlí an Aontais é féin do shásraí inchomparáide. Ina dhiaidh sin, ní cheanglaítear le hAirteagal 67 den Rialachán sin méid na sochar a íoctar do leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile i gcomhréir leis an méid a íoctar do leanaí a bhfuil cónaí orthu san Ostair. Mar fhocal scoir, mhaígh sé nach bhfuil aon idirdhealú indíreach ann, ós rud é go bhfuil údar oibiachtúil leis an gcoigeartú de shochair teaghlaigh agus buntáistí sóisialta agus cánach ar bhonn leibhéal na bpraghsanna sa Stát ina bhfuil cónaí ar an leanbh agus go laghdaítear speansais na n-oibrithe go léir.

25 Ós rud é nach raibh an Coimisiún sásta leis an bhfreagra sin, an 26 Iúil 2019 d'eisigh sé tuairim réasúnaithe inar choinnigh sé a sheasamh go bunúsach. Thug an Coimisiún dá aire gur méideanna ar ráta comhréidh iad na sochair teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta agus cánach a dheonaítear do leanaí, gan aon choigeartú ar bhonn leibhéil praghsanna i réigiúin éagsúla na hOstaire de réir bhuanáit chónaithe an linbh. Dá bhrí sin, áitíonn sé de bharr na difríochta i leibhéal na sochar agus na mbuntáistí sin do leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, déantar difear níos déine d'oibrithe imirceacha ná d'oibrithe na hOstaire agus gurb ionann é agus idirdhealú indíreach. De réir an Choimisiúin, taispeántar leis an bhfíoras gur méideanna ar ráta comhréidh na sochair agus na buntáistí sin nach bhfuil siad ag brath ar na costais iarbhír a bhaineann le leanbh a chothabháil agus nach ráthaíonn siad dá bhrí sin dáileadh níos cothroime ar na speansais a íocann teaghlaigh agus soláthar a dhéanamh do riachtanais a bpáistí.

26 I litir an 24 Deireadh Fómhair 2019, d'fhreagair Poblacht na hOstaire an tuairim réasúnaithe sin ina sonraítear nach méideanna ar ráta comhréidh amháin a bhí sna sochair teaghlaigh agus sna buntáistí sóisialta agus cánach a bhí i gceist, ach go raibh siad ag freagairt do riachtanais iarbhír na dtairbhithe. Ina theannta sin, toisc go ndeonaítear na sochair agus na buntáistí sin i bhfoirm méideanna ar ráta comhréidh, níl sé sin le rá go gcuirtear bac leis sin ar a gcoigeartú ar bhonn leibhéal na bpraghsanna in áit chónaithe na leanaí. D'áitigh sé nach ionann coigeartú den sórt sin agus cóir mhíchothrom, ach go n-áirithítear leis laghdú aonfhoirmeach ar chostais na n-oibrithe a fhaigheann na sochair agus na buntáistí sin, beag beann ar áit chónaithe iarbhír an linbh. Fiú dá mbeadh idirdhealú indíreach ann, bheadh bonn cirt leis sin, *inter alia*, de bharr an chuspóra maidir le caiteachas sa chóras slándála sóisialta a chomhardú agus de bharr an chuspóra maidir le cumas na dtairbhithe íoc a chur san áireamh.

27 Ós rud é nár cuireadh ina luí ar an gCoimisiún leis an bhfreagra sin, thionscain sé an chaingean seo mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh.

28 Le cinntí ó Uachtarán na Cúirte an 22 Deireadh Fómhair, an 6, an 12, an 19 agus an 20 Samhain, agus an 18 Nollaig 2020, tugadh cead do Phoblacht na Seice, do Phoblacht na Cróite, do Phoblacht na Polainne, don Rómáin, do Phoblacht na Slóivéine, do Poblacht na Slóvaice agus d'Údarás Faireacháin CSTE idiragairt a dhéanamh mar thaca leis na hordaithe atá á lorg ag an gCoimisiún. Le cinntí Uachtarán na Cúirte an 20 Samhain agus an 18 Nollaig 2020, tugadh cead do Ríocht na Danmhairge agus do Ríocht na hIorua idiragairt a dhéanamh mar thaca leis na hordaithe atá á lorg ag Poblacht na hOstaire.

An chaingean

29 Mar thaca lena chaingean, cuireann an Coimisiún dhá ghearán ar aghaidh. Líomhnaítear sa chéad ghearán go ndearna sárú ar Airteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus líomhnaítear sa dara gearán go ndearna sárú ar Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 492/2011.

An chéad ghearán, ina líomhnaítear sárú ar Airteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004

Argóintí na bpáirtithe

30 Áitíonn an Coimisiún gur theip ar Phoblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, trína bhunú, maidir le hoibrithe atá cleamhnaithe le córas slándála sóisialta na hOstaire a bhfuil cónaí ar a leanaí i mBallstát eile, an sásra chun méid na liúntas teaghlaigh agus an chreidmheasa cánach leanaí a choigeartú dá bhforáiltear i Mír 2(1) de FLAG agus i Mír 33(3) de EStG faoi seach.

31 Maíonn an Coimisiún go bhfuil comhthuiscint ann gur sochair teaghlaigh de réir bhrí Airteagal 1(z) agus Airteagal 3(1)(j) de Rialachán Uimh. 883/2004 iad na liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí, ar sochair airgid iad a íocann an Stát agus atá beartaithe chun na caiteachais a bhaineann le leanaí a chothabháil a laghdú. Deonaítear na sochair sin gan measúnú aonair agus lánroghnach ar riachtanais phearsanta, ar bhonn critéar atá sainmhínithe go dlíthiúil, agus ríomhtar iad trí thagairt a dhéanamh do líon agus d'aois na leanaí. Áitíonn Poblacht na hOstaire nach bhfuil aon fhianaise tugtha ar aird aici go bhfuil nasc ar bith idir leibhéal na liúntas teaghlaigh agus na meánchostais a bhaineann le leanbh a chothabháil, ós rud é go bhfuil an leibhéal sin ag brath ar aois an linbh amháin.

32 De réir an Choimisiúin, leis na forálacha comhcheangailte d'Airteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, a bhfuil an cuspóir céanna acu, cuirtear toirmeasc ar na Ballstáit an deontas nó méid na sochar teaghlaigh a shuíomh ar an gcoinníoll go bhfuil áit chónaithe theaghlach an oibrí sa Bhallstát a íocann an sochar (breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser*, C-32/18, AE:C:2019:752, mír 36). Glacadh na forálacha sin tar éis bhreithiúnas an 15 Eanáir 1986, *Pinna* (41/84, EU:C:1986:1), inar neamhnigh an Chúirt go páirteach Airteagal 73 de Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 i ndáil le scéimeanna slándála sóisialta a chur i bhfeidhm maidir le daoine fostaithe agus lena dteaghlaigh ag gluaiseacht dóibh sa Chomhphobal (IO Eagrán Speisialta Béarla 1972(II), lch. 416), foráil a ndearnadh a inneachar a atáirgeadh go bunúsach in Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004. De réir an Choimisiúin, leanann sé ón mbreithiúnas sin nach bhfuil cead ag Ballstát leibhéal na sochar teaghlaigh a choigeartú do leibhéal na sochar teaghlaigh de chuid Ballstáit eile ar an bhforas amháin go bhfuil cónaí ar bhaill de theaghlach an tairbhí i gcríoch an Bhallstáit eile sin. Is é éifeacht shonrach an tsásra coigeartúcháin nach ndeonaítear na sochair sin 'amhail is dá mba' cónaí ar na baill teaghlaigh san Ostair.

33 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil tacaíocht don léiriú sin ar Airteagal 7 agus Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 le hAirteagal 5(b) den rialachán sin, lena gceanglaítear ar gach Ballstát ní hamháin fíricí nó imeachtaí a tharlaíonn i mBallstát eile a chur san áireamh, amhail láithreacht leanaí as a n-eascraíonn teidlíocht ar shochair, ach iad a chur san áireamh 'amhail is dá' mbeadh siad tar éis tarlú ina gcríoch féin.

34 Áitíonn an Coimisiún nach féidir aon tátal a bhaint as cinneadh na gCeannairí Stáit nó Rialtais, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle Eorpaí an 18 agus an 19 Feabhra 2016, maidir le socraíocht nua don Ríocht Aontaithe laistigh den Aontas Eorpach (IO 2016 C 69 I, lch. 1; "an tsocraíocht nua don Ríocht Aontaithe laistigh den Aontas Eorpach") inar beartaíodh innéacsú a dhéanamh ar mhéid na sochar sóisialta do leanaí ar bhonn an chostais mhaireachtála in áit chónaithe an linbh. De réir an chinnidh sin, bhí an Coimisiún le togra a thíolacadh chun Rialachán Uimh. 883/2004 a leasú. Mar sin féin, mar thoradh ar tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ón Aontas Eorpach, ní dhearnadh aon leasú ar an rialachán sin. Thairis sin, ina thogra an 13 Nollaig 2016 le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 883/2004 (COM(2016) 815 final), níor chuir an Coimisiún sásra innéacsaithe san áireamh, ós rud é go raibh forchoimeádas léirithe ag a sheirbhísí faoi chomhoiriúnacht sásra den sórt sin le dlí an Aontais.

35 Áitíonn Poblacht na hOstaire, mar réamhphointe, le FLAG, faoin téarma 'liúntais teaghlaigh', gur tugadh le chéile roinnt cineálacha tacaíochta teaghlaigh le chéile a bhí ann sular glacadh leis i 1967 agus a bhí beartaithe mar chúiteamh ar chuid de na costais a bhaineann le leanaí cleithiúnacha a chothábháil. Sonraítear ann go ndéantar na liúntais teaghlaigh a ríomh ar bhonn riachtanais iarbhír na leanaí agus na gcostas caighdeánach is gá chun tacú leo san Ostair, gan ceangal a bheith ar an tairbhí fianaise a sholáthar ar na costais arna dtabhú i ndáiríre. Méadaítear na liúntais de réir aois na leanaí nó i gcás míchumais.

36 Sonraíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil córas na liúntas teaghlaigh bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar thacaíocht dhíreach a dheonú agus, ar an dara dul síos, ar bhuntáistí cánach. Is trí Ausgleichsfonds für Familienbeihilfen (Ciste Cúitimh do Liúntais Teaghlaigh, an Ostair) a íoctar costais na liúntas sin, agus ní ó oibrithe a thagann a chuid acmhainní, ach ó ranníocaíochtaí arna n-íoc ag fostóirí. Ina theannta sin, faoi Mhír 2(1) de FLAG, tá gach duine a bhfuil leanaí aige nó aici agus a bhfuil cónaí orthu san Ostair i dteideal liúntais teaghlaigh den mhéid céanna, beag beann ar aon choinníoll a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochta gairmiúla nó méid na ranníocaíochtaí a íocann an fostóir.

37 Dar le Poblacht na hOstaire, ní hé cuspóir an chreidmheasa cánach leanaí sochar díreach a sholáthar do thuismitheoirí, ach cuid de na costais a bhaineann go hiondúil le leanaí a chothabháil a chumhdach. Tá sé mar aidhm ag an gcreidmheas cánach sin méid áirithe de chothroime cánach a athbhunú idir daoine gan leanaí agus daoine a bhfuil leanaí acu. Ó thaobh na heacnamaíochta de, is ionann an creidmheas cánach leanaí agus méadú ar liúntais teaghlaigh arna maoiniú le hioncam cánach ginearálta.

38 Áitíonn Poblacht na hOstaire gur tugadh isteach liúntais teaghlaigh ag am nuair a raibh méid níos lú d'imirce lucht oibre ann. Mar gheall ar ghluaiseacht mhéadaithe oibrithe laistigh den Aontas Eorpach, bhí onnmhairiú neamh-idirdhealaitheach na liúntas teaghlaigh agus an chreidmheasa cánach leanaí mar chúis le saobhadh méadaithe i gcóras sochair teaghlaigh na hOstaire. Leis an sásra coigeartúcháin féadtar aghaidh a thabhairt ar an saobhadh sin trí dhifríochtaí i leibhéil praghsanna idir na Ballstáit arna bhfoilsiú ag Eurostat a chur san áireamh. Dá bhrí sin ní beart um choigilteas costais amháin é.

39 Maidir le léiriú ar Airteagal 7 agus Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, áitíonn Poblacht na hOstaire, ar an gcéad dul síos, go bhfuil tosaíocht ag an bhforáil deiridh sin, a bhaineann go sonrach le staid na mball teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, ar Airteagal 7, lena leagtar síos riail ghinearálta. Dá bhrí sin, níl Poblacht na hOstaire ach ag déanamh scrúdaithe ar chomhoiriúnacht an tsásra coigeartúcháin i bhfianaise Airteagal 67 den rialachán sin agus áitíonn

sí go bhfuil an sásra comhsheasmhach le cuspóirí na forála sin, arna léiriú ag an gCúirt, go háirithe ina breithiúnas, an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser* (C-32/18, EU:C:2019:752, mír 35). Áitíonn sé nach bhfuil an deontas ná méid na liúntas teaghlaigh ná an creidmheas cánach leanaí ag brath ar áit chónaithe an linbh san Ostair. Ós rud é go mbraitheann na costais a bhaineann le leanaí a chothabháil ar an leibhéal praghsanna ina mBallstát cónaithe, agus ós rud é go bhfuil difríocht idir an leibhéal sin i mBallstáit, ba cheart méid na sochar sin a choigeartú d'fhonn a áirithiú go ndeonaítear é 'amhail is dá' mbeadh cónaí ar na baill teaghlaigh san Ostair. Áitíonn sí go bhfuil tacaíocht ann don léiriú sin le haithris 16 den Rialachán sin agus le cásdlí na Cúirte, go háirithe breithiúnais an 27 Meán Fómhair 1988, *Lenoir* (313/86, EU:C:1988:452, mír 16), agus an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser* (C-32/18, EU:C:2019:752, míreanna 53 agus 54). Dá réir sin, tá Poblacht na hOstaire den tuairim, ós rud é gurb é cuspóir na liúntas teaghlaigh agus an chreidmheasa cánach leanaí ná tuismitheoirí a aisíoc as cuid de na costais a bhaineann le leanaí a chothabháil, go bhfuil sé dleathach méid na sochar sin a choigeartú ar bhonn na leibhéal praghsanna an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar na leanaí.

40 Ina dhiaidh sin, sonraíonn Poblacht na hOstaire, murab ionann agus an cás as ar tháinig an breithiúnas an 15 Eanáir 1986, *Pinna* (41/84,EU:C:1986:1), a bhfuil an Coimisiún ag brath air, nach gcuirtear bac leis an sásra coigeartúcháin ar onnmhairiú sochar teaghlaigh chuig Ballstáit eile. Tríd an gcostas maireachtála a léiriú, cinntítear leis an sásra choigeartaithe sin go ndeonaítear leas ar chomhluach do gach leanbh.

41 Ar deireadh, áitíonn Poblacht na hOstaire go raibh sé mar aidhm ag an socraíocht nua don Ríocht Aontaithe laistigh den Aontas Eorpach, maidir le sochair teaghlaigh a onnmhairiú, scála na sochar arna dheonú i Stát cónaithe na leanaí a chur sa mheá agus difríochtaí i leibhéil praghsanna idir na Ballstáit a chur san áireamh. Cé nár tháinig an tsocraíocht sin i bhfeidhm riamh, bhí an Chomhairle Eorpach den tuairim go raibh na bearta a bhí beartaithe amhlaidh i leith na Ríochta Aontaithe ag luí go hiomlán leis na Conarthaí. Mheas an Coimisiún féin freisin go raibh na bearta sin ag luí le hAirteagal 48 CFAE. Chuige sin, sonraíonn Poblacht na hOstaire nach raibh gá le leasú ar Rialachán Uimh. 492/2011, rud a thugann le fios nach leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán sin – amhail Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 - riail a théann níos faide ná prionsabal an neamh-idirdhealaithe atá cumhdaithe sa dlí príomhúil. De réir Phoblacht na hOstaire, ní bheadh gá le leasú ar Rialachán Uimh. 883/2004 i gcás cásanna ina ndéanann Ballstát, i gcás onnmhairiú sochair teaghlaigh atá nasctha le comhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta an Bhallstáit sin, méid an tsochair sin a choigeartú le méadú nó le laghdú i gcomhréir le rialacha oibiachtúla.

Cinneadh na Cúirte

42 Mar réamhphointe, ní chuirtear i gcoinne gurb ionann na liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí dá dtagraítear sa chéad ghearán agus sochair teaghlaigh de réir bhrí Airteagal 1(z) de Rialachán Uimh. 883/2004 agus go bhfuil an rialachán sin, a mhéid atá feidhm aige maidir leis an reachtaíocht go léir a bhaineann leis na brainsí slándála sóisialta i ndáil le sochair teaghlaigh, infheidhme maidir leis an sásra coigeartaithe.

43 Dá réir sin, ní mór do na liúntais teaghlaigh agus don chreidmheas cánach leanaí, *inter alia*, Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 883/2004 a chomhlíonadh, ina sonraítear, mura bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán sin, nach mbeidh sochair dá leithéid 'faoi réir aon laghdú, leasú, fionraí, aistarraingt nó coigistiú i ngeall go bhfuil cónaí ar an tairbhí nó ar bhaill dá theaghlach i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an institiúid atá freagrach as sochair a sholáthar suite'.

44 Chuige sin, ní mór a mheabhrú go mbunaítear le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 an prionsabal go bhféadfaidh duine sochair teaghlaigh a éileamh ar son ball dá theaghlach nó dá teaghlach a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas sa Bhallstát atá freagrach as na sochair sin a íoc, amhail is dá mbeadh cónaí orthu sa Bhallstát deiridh sin (breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 2015, *Trapkowski*, C-378/14, EU:C:2015:720, mír 35).

45 Ós rud é go ndéantar ceanglais Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 883/2004 a atáirgeadh go sonrach le hAirteagal 67 den Rialachán sin maidir le sochair teaghlaigh, tá sárú ar Airteagal 7 i gceist freisin le sárú ar Airteagal 67.

46 Ina theannta sin, chinn an Chúirt arís agus arís eile gurb é an cuspóir atá le hAirteagail 7 agus 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 ná cosc a chur ar Bhallstát coinníoll a chur i bhfeidhm go mbeadh teidlíocht nó méid na sochar teaghlaigh ag brath ar áit chónaithe bhaill theaghlach an oibrí sa Bhallstát a sholáthraíonn na sochair (féach, go háirithe, breithiúnas an 25 Samhain 2021, *Finanzamt Österreich (Sochair teaghlaigh d'oibreoirí cúnaimh forbaíochta)*, C-372/20, EU:C:2021:962, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Ní mór Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 a léiriú mar sin mar airteagal lena gceanglaítear coibhéis dhian idir méideanna na sochar teaghlaigh a sholáthraíonn Ballstát d'oibrithe a bhfuil cónaí ar bhaill dá dteaghlach sa Bhallstát sin agus na méideanna a sholáthraítear d'oibrithe a bhfuil cónaí ar bhaill dá dteaghlach i mBallstát eile. Murab ionann agus a bhfuil á áitiú ag Poblacht na hOstaire, leis na héagsúlachtaí i gcumhacht cheannaigh idir na Ballstáit, i bhfianaise na forála sin, ní thugtar údar maith do Bhallstát bheith ábalta sochair a thabhairt don dara catagóir sin de dhaoine de mhéid atá difriúil ón mhéid arna dheonú do dhaoine a thagann faoin gcéad chatagóir.

48 Is fíor nach bhfuil prionsabal na córa coibhéisí a bhunaítear le hAirteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 absalóideach, sa chiall, i gcás ina bhfuil roinnt teidlíochtaí iníoctha faoi dhlíthe éagsúla, go bhfuil feidhm ag na rialacha i gcoinne sochar forluiteach atá leagtha síos in Airteagal 68 den Rialachán sin (breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser*, C-32/18, EU:C:2019:752, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Maidir le hAirteagal 68(2) de Rialachán Uimh. 883/2004, chinn an Chúirt go bhféachtar le riail den sórt sin i gcoinne forluí lena áirithiú go bhfaighidh an duine atá i dteideal sochar arna íoc ag roinnt Ballstát méid iomlán sochar atá comhionann le méid an tsochair is fabhraí a bhfuil sé nó sí i dteideal faoin reachtaíocht de Bhallstát aonair (breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser*, C-32/18, EU:C:2019:752, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear).

50 Ní mór, dá bhrí sin, baint a bheith ag an scrúdú ar an gcóir a thugtar d'oibrithe a chumhdaítear le Rialachán Uimh. 883/2004 le luach eacnamaíoch na sochar sin nach mbeidh bunaithe ar chumhacht ceannaigh agus leibhéal praghsanna áit chónaithe na ndaoine lena mbaineann, ach a bheidh bunaithe ar mhéid na sochar is iníoctha.

51 I bhfianaise na forála measta a leagtar síos in Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004, a fhéadfaidh duine sochair teaghlaigh a éileamh dá réir dá bhaill teaghlaigh nó dá baill teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas an Ballstát atá inniúil maidir leis na sochair sin a íoc, amhail is dá mbeadh cónaí orthu sa Bhallstát deiridh sin, agus á chur san áireamh nach mór go mbeadh oibrithe imirceacha in ann leas a bhaint as beartais shóisialta an Bhallstáit óstach faoi na coinníollacha céanna le hoibrithe náisiúnta, ós rud é go rannchuidíonn siad le maoiniú na mbeartas sin trí na cánacha agus na ranníocaíochtaí sóisialta a íocann siad sa Stát sin de bhua a

bhfostaíochta ann (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Iúil 2019, *Aubriet*, C-410/18, EU:C:2019:582, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear), ní fhéadfaidh na Ballstáit, gan an rialachán sin a shárú, coigeartú a dhéanamh ar shochair teaghlaigh de réir Stáit chónaithe leanaí an tairbhí.

52 Is léir gurb é sin go díreach atá i gceist sa chás seo. Is iad na faighteoirí de shochair teaghlaigh a bhfuil cónaí ar a leanaí lasmuigh den Ostair amháin atá faoi réir an tsásra chun méid na sochar sin a choigeartú ar bhonn na leibhéal praghsanna agus na cumhachta ceannaigh in áit chónaithe a leanaí. Níl feidhm ag sásra den sórt sin maidir le sochair teaghlaigh arna ndeonú do leanaí a bhfuil cónaí orthu i réigiúin éagsúla den Ostair, cé go bhfuil, amhail idir na réigiúin sin, difríochtaí i leibhéil praghsanna ar scála atá inchomparáide leo siúd a d'fhéadfadh a bheith ann idir Poblacht na hOstaire agus Ballstáit eile.

53 Thairis sin, mar a shonraigh an tAbhcóide Ginearálta i bpointí 77 go 79 dá Thuairim, níl sé suite go n-athraíonn méid na sochar teaghlaigh arna dheonú ag Poblacht na hOstaire de réir an chostais mhaireachtála iarbhír nó de réir an chaiteachais arna thabhú go hiarbhír maidir le leanaí a chothabháil, ós rud é go leithdháiltear na méideanna sin ar bhonn ráta comhréidh trí thagairt a dhéanamh do líon na leanaí agus, i gcás inarb iomchuí, d'aois na leanaí, nó fiú trí thagairt a dhéanamh do mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith acu.

54 Mar sin, ní féidir argóint ar bith a bhaint as an bhfíoras gur chinn, ina breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2019, *Moser* (C-32/18, EU:C:2019:752, mír 53 agus mír 54), an Chúirt gur cuspóir cinntitheach a bhí sa cuspóir arna shaothrú ag an reachtaíocht náisiúnta agus go bhféadfadh Ballstát an luach saothair iarbhír i Stát na fostaíochta a chur san áireamh. Bhain an cás as ar tháinig an breithiúnas sin le liúntas cúram leanaí arbh ionann é, ina leagan spleách ar ioncam, agus sochar in ionad tuillimh roimhe sin agus nár bhain le sochar teaghlaigh nach raibh baint iomlán aige leis na costais iarbhír agus ar socraíodh a mhéid gan aon mheasúnú aonair ná lánroghnach ar riachtanais phearsanta na bhfaighteoirí, ar bhonn seasaimh a bhí sainmhínithe go dlíthiúil (féach, chuige sin, breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 36).

55 Ina theannta sin, cé go bhfuil sé fíor, mar atá áitithe ag Poblacht na hOstaire, gur aithin an Chúirt ina breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, *Lenoir* (313/86, EU:C:1988:452), go bhfuil na sochair atá beartaithe chun costais áirithe, arna dtabhú ag tús na scoilbhliana a chumhdach, nasctha go dlúth leis an gcomhthéacs sóisialta agus, dá bhrí sin, le háit chónaithe na ndaoine lena mbaineann, de chineál go bhféadtar an áit chónaithe sin a chur san áireamh, gurb é fós an fíoras gur chinn an Chúirt, i mír 16 den bhreithiúnas sin, má dheonaítear sochair airgid thirim thréimhsiúla 'go heisiach trí thagairt a dhéanamh do líon agus, más iomchuí, d'aois bhaill an teaghlaigh, leanann deonú na sochar sin de bheith inchosanta cibé áit a bhfuil cónaí ar an bhfaighteoir ná ar a theaghlach'. Ní féidir le Poblacht na hOstaire, mar sin, aon argóint a bhunú ar an mbreithiúnas sin.

56 Ar deireadh, maidir le hábharthacht bhreithiúnas an 15 Eanáir 1986, *Pinna* (41/84, EU:C:1986:1), ar a bhfuil Poblacht na hOstaire ag brath, is leor a thabhairt faoi deara, mar a dúirt an tAbhcóide Ginearálta i bpointe 70 dá Thuairim, gur bhain an díospóid ba bhun leis an gcás sin le difríocht sna méideanna nó sna rátaí sochar de réir an Stáit ina raibh cónaí ar na baill teaghlaigh lena mbaineann, a d'fhág gur laghdaíodh na cearta a fuair an t-oibrí imirceach agus, dá bharr sin, gur tugadh neamhaird ar an gcuspóir um shaoirse gluaiseachta a áirithiú d'oibrithe. Chinn an Chúirt, i bhfianaise gur saoirse bhunúsach í an tsaoirse gluaiseachta d'oibrithe, nach mór do reachtaíocht an Aontais staonadh ó chur leis na héagothromaíochtaí a eascraíonn cheana féin as easpa comhchuibhithe maidir leis an reachtaíocht náisiúnta um shlándáil shóisialta. Tá feidhm ag an

measúnú sin, *a fortiori*, maidir le foráil náisiúnta atá ag imeacht ó phrionsabal na córa coibhéisí arna bhunú ag reachtóir an Aontais agus atá leagtha amach in Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004.

57 Maidir le comhréireacht le dlí an Aontais den sásra innéacsaithe a bhí beartaithe leis an socraíocht nua don Ríocht Aontaithe laistigh den Aontas Eorpach, ba cheart dhá fhachtóir a thabhairt faoi deara. Ar an gcéad dul síos, níor tháinig an tsocraíocht sin i bhfeidhm riamh agus dá bhrí sin níor thíolaic an Coimisiún togra chun Rialachán Uimh. 883/2004 a leasú lena ligfear do Bhallstáit innéacsú a dhéanamh ar shochair shóisialta do leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí ar an oibrí. Ar an dara dul síos, agus ar aon nós, mar bhreithiúnas an 15 Eanáir 1986, *Pinna* (41/84, AE:C:1986:1), léirítear, dá mbeadh leasú den sórt sin glactha ag reachtóir an Aontais, bheadh sé neamhbhailí faoi Airteagal 45 CFAE.

58 I bhfianaise an mhéid sin thuasluaite, ní mór a mheas go bhfuil bunús maith leis an gcéad ghearán, lena líomhnaítear mainneachtain na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 a chomhlíonadh.

An dara gearán, ina líomhnaítear sárú ar Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus ar Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011

Argóintí na bpáirtithe

59 Áitíonn an Coimisiún gur mhainnigh Poblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, tríd an sásra coigeartúcháin a bhunú, de réir áit chónaithe an linbh, méid na liúntas teaghlaigh agus an chreidmheas cánach leanaí, an Bhónas Teaghlaigh 'Plus' dá bhforáiltear in mír 33(3a) de EStG, agus liúntas an saothraí aonair, an liúntas tuismitheora aonair agus an creidmheas cánach le haghaidh íocaíochtaí cothabhála dá dtagraítear i mír 33(4) de CSE.

60 Tugann an Coimisiún chun suntais go dtugtar léiriú nithiúil le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, ina réimsí faoi seach, do phrionsabal na córa comhionainne atá leagtha síos in Airteagal 45(2) CFAE, lena dtugtar do chosaint na hoibrithe lena mbaineann ar aon idirdhealú, díreach nó indíreach, bunaithe ar náisiúntacht mar thoradh ar dhlíthe náisiúnta na mBallstát. Go háirithe, tá na buntáistí sóisialta agus cánach go léir, bídís nasctha le conradh fostaíochta nó ná bíodh, a dheonaítear go ginearálta d'oibrithe náisiúnta go príomha mar gheall ar a stádas oibiachtúil mar oibrithe nó a chumhdaítear de bhua fíorais a n-áit chónaithe ar an gcríoch náisiúnta amháin (breithiúnas an 12 Bealtaine 1998, *Martínez Sala*, C-85/96, EU:C:1998:217, mír 25).

61 Áitíonn an Coimisiún gur léir ó bhreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)* (C-802/18, EU:C:2020:269, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear), gur sochair teaghlaigh iad na liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí araon faoi réir phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus gur buntáistí sóisialta iad arna rialú ag Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011. Leis an mBónas Teaghlaigh 'Plus', liúntas an saothraí aonair, an liúntas tuismitheora aonair agus leis an gcreidmheas cánach le haghaidh íocaíochtaí cothabhála,

laghdaítear méid na cánach ioncaim. Ós rud é go dtoimhdítear go bhfuil an tairbhí faoi réir cánach san Ostair, is buntáistí cánach iad na bearta sin atá faoi réir phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011.

62 Athdhearbhaíonn an Coimisiún go ndéantar difear go bunúsach leis an sásra coigeartúcháin d'oibrithe imirceacha a bhfuil cónaí ar bhaill teaghlaigh lasmuigh den Bhallstát a sholáthraíonn an sochar.

63 Dar leis an gCoimisiún, is léir ó na *travaux preparatoires* chun an sásra coigeartúcháin a ghlacadh go raibh sé mar aidhm ag reachtas na hOstaire caiteachas buiséadach an Stáit a laghdú. Ghlac an reachtas sin leis go raibh líon na bhfaighteoirí sochar teaghlaigh agus buntáistí sóisialta agus cánach, a bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí i mBallstáit ina bhfuil an leibhéal praghsanna níos ísle ná an leibhéal san Ostair, níos airde ná líon na dtairbhithe a bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí sna Ballstáit ina bhfuil an leibhéal praghsanna níos airde. Is i gcás Chónaidhm na hEilvéise agus Phrionsacht Lichtinstéin amháin ina bhfuil méid atá níos mó ná nó cothrom leis an méid ar ráta comhréidh atá le híoc san Ostair de thoradh ar an sásra coigeartaithe.

64 Cuireann an Coimisiún leis nach bhfuil feidhm ag an sásra coigeartúcháin maidir le staid leanaí státseirbhíseach na hOstaire atá ar iasacht thar lear, cé nach bhfuil, i bhfianaise na gcritéar a d'fhorbair an Chúirt chun inchomparáideacht na gcásanna a mheasúnú, aon difríocht idir státseirbhísigh na hOstaire agus oibrithe imirceacha nach bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí san Ostair.

65 Áitíonn sé go bhfuil an sásra coigeartúcháin dá bhrí sin mar chúis le hidirdhealú indíreach i gcoinne oibrithe imirceacha nach cosúil go bhfuil bonn cirt leis ag aon chuspóir dlisteanach.

66 Tugann an Coimisiún dá aire nach ndéantar na sochair teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta agus cánach atá faoi réir an tsásra coigeartúcháin a ríomh ar bhonn leibhéal na bpraghsanna in áit chónaithe an linbh. Tá a méid ar ráta comhréidh aonfhoirmeach ar fud na hOstaire, in ainneoin na héagsúlachta sa chumhacht ceannaigh idir réigiúin éagsúla.

67 Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil sé contrártha do Phoblacht na hOstaire a éileamh go bhfuil na sochair teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta agus cánach atá faoi réir an sásra coigeartúcháin nasctha leis an gcaiteachas arna dtabhú go hiarbhír maidir l e cothabháil leanaí, agus gan coigeartú dá méideanna a chur san áireamh, bunaithe ar dhifríochtaí um chumhacht cheannaigh idir réigiúin na hOstaire, tuairim is 8 % idir cúige Vín agus cúige na hOstaire Íochtaraí mar shampla, in ainneoin go measann an Ballstát sin go bhfuil gá le coigeartú den sórt sin mar gheall ar na difríochtaí sa chumhacht ceannaigh i ndáil le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine nó Poblacht na hIodáile, measta ag 2.6 % agus 5.2 % faoi seach.

68 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil an sásra coigeartúcháin inchomparáide leis na comhéifeachtaí ceartúcháin is infheidhme maidir le luach saothair oifigigh an Aontais Eorpaigh agus maidir le tacaíocht airgeadais. Go háirithe, ní de réir áit chónaithe an linbh a chinntear an chomhéifeacht cheartúcháin sin ach de réir áit fostaíochta na n-oifigeach nó áit íocaíochta na tacaíochta airgeadais lena mbaineann.

69 Áitíonn an Coimisiún de thoradh ar an mbonn cirt le hidirdhealú féideartha a bheith ann bunaithe ar an gcuspóir féachaint le cosaint i gcoinne an riosca go mbainfí an bonn de chomhardú airgeadais an chórais slándála sóisialta, go nglactar leis go bhfuil an riosca sin tromchúiseach. De réir tuarascála de chuid Rechnungshof (An Chúirt Iniúchóirí, an Ostair) dar teideal 'Familienbeihilfe – Ziele und Zielerreichung, Kosten und Kontrollsystem' (Liúntas

teaghlaigh – cuspóirí agus gnóthú na gcuspóirí, na gcostas agus an chórais faireacháin), arna foilsiú i mí Iúil 2018 ('tuarascáil na Cúirte Iniúchóirí') agus ar bhraith Poblacht na hOstaire uirthi le linn an nós imeachta réamhdhlíthíochta, bhí gá le tacaíocht ón mbuiséad náisiúnta chun sochair teaghlaigh a mhaoiniú tar éis an mhéadaithe ar mhéideanna ar ráta comhréidh agus an laghdú coimhdeachtach ar na foinsí maoinithe le haghaidh sochair teaghlaigh. Ina theannta sin, ní ionann na sochair teaghlaigh atá beartaithe do leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile ach agus thart ar 6 % de na híocaíochtaí go léir, agus tá tionchar na sochar sin ar mhaoiniú na sochar teaghlaigh inchurtha go príomha i leith easpa seiceálacha iomchuí ar na coinníollacha maidir le deonú na sochar sin ag údaráis na hOstaire.

70 De réir an Choimisiúin, ní féidir le Poblacht na hOstaire a éileamh, mar bhonn cirt, go raibh uirthi freagairt do mhíchothromaíochtaí de bharr tacaíocht airgeadais d'oibrithe imirceacha, go háirithe ós rud é go rannchuidíonn oibrithe ó Bhallstáit eile le maoiniú chóras sóisialta agus cánach na hOstaire ar an mbealach céanna le hoibrithe na hOstaire, beag beann ar áit chónaithe a leanaí.

71 Áitíonn an Coimisiún nach bhfuil rún reachtas na hOstaire a áirithiú go bhfuil na sochair teaghlaigh nó na buntáistí sóisialta agus cánach ar chomhluach do gach leanbh, beag beann ar a n-áit chónaithe, ina bhonn cirt atá bunaithe ar chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail. Ina theannta sin, tá neamhréiteach idir na bonn cirt atá bunaithe ar bhreithniúcháin na córa comhionainne agus comhsheasmhacht an tsásra coigeartúcháin agus an eisceacht ón sásra coigeartúcháin do státseirbhísigh na hOstaire atá ar iasacht thar lear.

72 Séanann Poblacht na hOstaire go bhfuil aon idirdhealú indíreach ann in aghaidh oibrithe imirceacha. Áitíonn sí go bhfuil deonú buntáistí sóisialta agus cánach do thuismitheoirí ceaptha mar chúiteamh ar chuid de na costais a thabhaítear chun leanaí cleithiúnacha a chothabháil. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, is gá idirdhealú a dhéanamh idir staid na n-oibrithe a bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí thar lear agus staid na n-oibrithe a bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí san Ostair. Áitíonn sí nach bhfuil na staideanna sin inchomparáide go substainteach mar gheall ar dhifríochtaí sa chostas maireachtála idir na Ballstáit. Ní fhágann an sásra coigeartúcháin go gcaitear go míchothrom le cásanna comhionanna, ach cinntítear leis go gcaitear le cásanna éagsúla ar bhealach difriúil.

73 Luann Poblacht na hOstaire roinnt samplaí de shásraí chun sochair teaghlaigh a choigeartú de réir na háite cónaithe a mheastar a bheith dleathach, go háirithe faoi dhlí an Aontais. Áitíonn an Ballstát sin, le tacaíocht ó Ríocht na Danmhairge, gur de réir an tseasaimh a ghlac an Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta, atá freagrach as cur chun feidhme Chairt Shóisialta na hEorpa arna síniú ag Turin an 18 Deireadh Fómhair 1961 a áirithiú agus as an leasú ar an gCairt sin an 3 Bealtaine 1996, nach gcuirtear cosc le prionsabal an neamh-idirdhealaithe atá leagtha síos in Airteagal 12(4) den Chairt sin ar Bhallstát na sochair slándála sóisialta a íoctar do leanbh a bhfuil cónaí air i Stát eile a choigeartú ina bhfuil an costas maireachtála i bhfad níos ísle sa Stát sin.

74 De réir Phoblacht na hOstaire, tá an sásra coigeartúcháin inchomparáide leis an gcomhéifeacht ceartúcháin dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, lena gcuirtear san áireamh difríochtaí i gcostas maireachtála na mBallstát, chun a áirithiú go bhfuil an chumhacht cheannaigh chéanna ag na hoifigigh sin beag beann ar a n-áit fostaíochta. Tá riail inchomparáide sa chlár Erasmus + chun méid an deontais do chostais mhaireachtála agus taistil na mac léinn a choigeartú.

75 Ina theannta sin, is léir ó na Conclúidí ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cosaint ioncaim íosta a neartú chun an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac sa phaindéim COVID-19 agus ina dhiaidh sin (11721/2/20), agus go háirithe ón tagairt do Mholadh 92/441/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1992 maidir le critéir chomhchoiteanna a bhaineann le hacmhainní leordhóthanacha agus le cúnamh sóisialta i gcórais chosanta sóisialta (IO 1992 L 245, lch. 46), go ndéanfar, chun sochair a dheonú a bheartaítear chun riachtanas sonrach a chumhdach, nach mór an caighdeán maireachtála agus leibhéal na bpraghsanna sa Stát fanachta a chur san áireamh i gceart.

76 Áitíonn Poblacht na hOstaire, contrártha lena bhfuil á éileamh ag an gCoimisiún, go bhfuil na héagothromaíochtaí i gcumhacht cheannaigh nó leibhéil praghsanna laistigh den Ostair an-bheag i gcomparáid leis na difríochtaí idir na Ballstáit. Áitíonn sí go n-eascródh deacrachtaí as coigeartú ar shochair teaghlaigh de réir réigiúin Ballstáit aonair, rud a thugann údar maith le leas a bhaint as ríomh Eurostat maidir le meánluach in aghaidh an Stáit. Tá sé de bhuntáiste aige sin gur critéar oibiachtúil é lena seachnaítear ceist chur faoi chásanna ina bhfuil difríochtaí beaga i gcumhacht cheannaigh i gcomparáid leis an gcás, mar shampla, sa Ghearmáin nó san Iodáil.

77 Ina dhiaidh sin, áitíonn sí, gur aithin an Chúirt cheana féin, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé dleathach méideanna aonfhoirmeacha a shocrú do réigiúin mhóra (breithiúnas an 24 Feabhra 2015, *Sopora*, C-512/13, EU:C:2015:108, mír 34) agus, ar an dara dul síos, go bhféadfadh difríochtaí i gcostas maireachtála idir Ballstát a bheith ina gcritéar dleathach le haghaidh difreála (breithiúnais an 17 Iúil 1963, *an Iodáil* v *an Coimisiún*, 13/63, EU:C:1963:20, agus an 18 Meán Fómhair 2014, *Bundesdruckerei*, C-549/13, EU:C:2014:2235, mír 34).

78 Cuireann Poblacht na hOstaire i gcoinne argóint an Choimisiúin gur idirdhealú indíreach atá sa sásra coigeartaithe ós rud é nach mbaineann sé le leanaí a bhfuil cónaí orthu i Stát a bhfuil duine dá dtuismitheoirí a bhfuil stádas státseirbhíseach na hOstaire aige ar iasacht ann. Áitíonn sí nach bhfuil staid státseirbhíseach ar iasacht inchomparáide le staid oibrí imirceach, ó thaobh dlíthiúil ná substainteach de.

79 Ar an gcéad dul síos, aithnítear leis an dlí idirnáisiúnta, le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta nádúr sonrach staid na státseirbhíseach ar iasacht thar lear. Is léir ó Airteagal 45(4) de CFAE agus ó Airteagail 11(3)(b) agus 13(4) de Rialachán Uimh. 883/2004 nach bhfuil státseirbhísigh atá ar iasacht thar lear i dteideal liúntais teaghlaigh sna Stáit óstacha ná, dá bharr sin, íocaíochtaí difreálacha ná sochair bhreise a bhaineann lena staid teaghlaigh Ina theannta sin, faoi dhlí na hOstaire, meastar go bhfuil státseirbhísigh ar iasacht thar lear ag obair laistigh den Ostair chun críocha a gcúinsí slándála sóisialta agus cánach. I gcúrsaí sibhialta, leanann siad de bheith faoi dhlínse ghinearálta chúirteanna na hOstaire.

80 Ar an dara dul síos, tá difríocht idir cás na n-oibrithe imirceacha agus staid na státseirbhíseach sa mhéid is go bhfuil aistrithe, laistigh den Ostair nó thar lear, mar chuid lárnach de ghníomhaíocht na státseirbhíseach. Cé go bhfuil páirtithe agus leanaí na státseirbhíseach atá ar iasacht thar lear ina gcónaí leis an státseirbhíseach sin de ghnáth, fanann sainchónaí an teaghlaigh agus lárionad leasanna an teaghlaigh, mar riail ghinearálta, san Ostair.

81 Dá nglacfaí leis go bhfuil staid na státseirbhíseach atá ar iasacht thar lear inchomparáide le staid na n-oibrithe imirceacha, is ionann é agus a chinneadh go bhfuil na státseirbhísigh, sin atá eisiata ón sásra coigeartúcháin, faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis na hoibrithe imirceacha. I gcás fhormhór státseirbhísigh na hOstaire atá ar iasacht do Bhallstáit eile, don Eilvéis nó do chríoch ar pháirtithe iad sa Chomhaontú LEE, tá an costas maireachtála níos airde ná san Ostair.

82 Dá gcinnfeadh an Chúirt gurb ionann na rialacha is infheidhme maidir le státseirbhísigh na hOstaire atá ar iasacht thar lear agus idirdhealú indíreach, áitíonn Poblacht na hOstaire go mbeadh údar maith le hidirdhealú den sórt sin de bharr dualgas cúraim an Stáit i leith na státseirbhíseach sin, atá nasctha lena ndualgas maidir le dílseacht don Stát, agus go mbeadh an dá fhachtóir sin ina gcúiseanna sáraitheacha ar mhaithe le leas an phobail.

83 Ina theannta sin, áitíonn Poblacht na hOstaire, má tá sé ar intinn ag an gCoimisiún a éileamh anois go bhfuil reachtaíocht na hOstaire ar neamhréir, go bhfuil an gearán sin neamh-inghlactha toisc nár ardaíodh é sa tuairim réasúnaithe.

84 Ar aon nós, áitíonn Poblacht na hOstaire nach bhfuil aon bhunús leis an ngearán sin. Mar sin féin, tá na rialacha is infheidhme maidir le státseirbhísigh ar iasacht thar lear, mar chuid de chóras comhleanúnach iad atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar dhlí an Aontais, cé go maolaíonn siad ó na gnáthrialacha is infheidhme san Ostair. Baineann na rialacha sin le tuairim is 400 státseirbhíseach Ostarach atá ar iasacht thar lear do chríoch ar pháirtí í sa Chomhaontú LEE nó don Eilvéis. Ní fhaigheann ach cuid de na hoifigigh sin liúntais teaghlaigh. Ní mór, dá bhrí sin, cásdlí na Cúirte a chur san áireamh, nach mbíonn an éifeacht ag gach eisceacht don reachtaíocht náisiúnta dá réir sin de reachtaíocht neamhréir a dhéanamh den reachtaíocht sin. Le forálacha lena leagtar síos eisceachtaí a bhfuil raon feidhme an-teoranta de chur i bhfeidhm acu, ní thugtar cúis le teacht ar an gconclúid go bhfuil neamhréireacht ann (breithiúnas an 19 Bealtaine 2009, *an Coimisiún* v *an Iodáil*, C-531/06, EU:C:2009:315, míreanna 69 agus 73).

85 Mar mhalairt air sin, áitíonn Poblacht na hOstaire, fiú dá bhféadfaí cinneadh go bhfuil idirdhealú indíreach ann, go mbeadh údar maith ag baint le hidirdhealú den sórt sin le cuspóir dlisteanach agus nach rachadh sé thar a bheadh riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

86 Sa chéad áit, áitíonn sí nach bhfuil sé suite ag an Coimisiún gur shaothraigh reachtas na hOstaire cuspóir sonrach chun coigiltis bhuiséadacha a dhéanamh. Tá an t-éileamh sin ón gCoimisiún curtha ó bhail le *travaux preparatoires* chun an sásra coigeartúcháin a ghlacadh agus, go háirithe, trí mheasúnú a dhéanamh ar a iarmhairtí i dtéarmaí éifeachtúlachta.

87 Sa dara háit, maidir leis na liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí, áitíonn Poblacht na hOstaire, nuair a scoirtear de na sochair teaghlaigh sin de bheith ag comhlíonadh a gcuspóir maidir le cúiteamh a dhéanamh ar chuid de na costais a bhaineann go hiondúil le leanaí a chothabháil, toisc go ndearnadh a méid a onnmhairiú go neamh-idirdhealaitheach chuig Ballstáit a raibh a leibhéal praghsanna difriúil ó Phoblacht na hOstaire, b'éigean an sásra coigeartúcháin a thabhairt isteach. Bhí sé mar aidhm ag an sásra sin an fheidhm maidir le tacaíocht a thabhairt do chothabháil leanaí agus maidir le cothroime an chórais shóisialta a chur ar bun arís. D'fhonn an cuspóir sochpholaitiúil sin a bhaint amach, bhí sé riachtanach deireadh a chur le sochair ina raibh barrachais nó easnaimh mar gheall ar chur i bhfeidhm neamhdhifreáilte de mhéideanna na liúntas teaghlaigh. Ós rud é go bhforáiltear leis an sásra coigeartúcháin do mhéadú nó do laghdú ar na méideanna a íoctar san Ostair, i gcomhréir leis an leibhéal praghsanna i mBallstát cónaithe an linbh chleithiúnaigh, áirithítear leis go bhfaigheann gach leanbh sochar i ndáiríre atá comhionann leis an luach eacnamaíoch. Tíolactar, ní amháin go bhfuil sé sin comhréireach, ach freisin i gcomhréir le haithris 12 de Rialachán Uimh. 883/2004 ar cheart cúram a ghlacadh dá réir chun a áirithiú nach dtiocfaidh torthaí nach bhfuil údar maith leo go hoibiachtúil mar thoradh ar phrionsabal na hasmhlaithe um fhíricí nó imeachtaí.

88 Sa tríú háit, maidir leis an mBónas Teaghlaigh ‘Plus’ agus na creidmheasanna cánach eile, áitíonn Poblacht na hOstaire go n-áirithítear le cur i bhfeidhm an tsásra coigeartúcháin go gcuirtear caiteachas iarbhír san áireamh go cothrom agus go gcaitear le gach cáiníocóir a bhfuil gairm bheatha acu agus a bhfuil leanaí acu go cothrom maidir lena gcumas cáin a íoc. Leis an sásra sin, cuirtear prionsabal na córa comhionainne san áireamh agus prionsabal an chumais cáin a íoc. Maidir leis an bprionsabal deiridh sin, atá cumhdaithe i gcórais dlí náisiúnta, tá bunús aige i ndlí an Aontais i réimse an chánachais dhírigh agus is prionsabal ginearálta de dhlí cánach an Aontais é. Dhiúltaigh an Chúirt do dhá chás fhíorasacha a bheith inchomparáide maidir le liúntais eisimirce, inar chinn sí ‘nach bhfuil aon inchomparáideacht den sórt sin ann i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear trí scála cánach forásach a chur i bhfeidhm atá bunaithe go riachtanach … ar mheasúnú ar chumas an cháiníocóra cáin a íoc a dhéanfar ar bhonn na gcoinníollacha maireachtála ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann’ (breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2011, *Schulz-Delzers agus Schulz*, C-240/10, EU:C:2011:591, mír 37).

89 Sa cheathrú háit, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire, ós rud é go n-áirithítear leis an sásra coigeartúcháin go ndeonaítear tacaíocht nó faoiseamh ar chomhluach, nach dtéann sé thar atá riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach.

90 Murab ionann agus a bhfuil á éileamh ag an gCoimisiún, tá an costas riaracháin breise a eascraíonn as an sásra coigeartúcháin an-teoranta. Chun críocha an Stát inniúil a chinneadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 883/2004, is gá in aon chás, i líon mór cásanna, Stát cónaithe an linbh lena mbaineann a chinneadh. Tháinig méadú ar líon na leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile agus a bhfuil teidlíocht ar liúntais teaghlaigh ina leith ó 1 500 leanbh in 2002 go tuairim is 130 000 leanbh in 2016. Chinn an Chúirt Iniúchóirí ‘go ndearnadh seiceáil’ ar chásanna a bhfuil eilimint choigríche leo ‘níos minice ná cásanna náisiúnta mar gheall ar an aicmiú riosca’.

91 Sonraíonn Poblacht na hOstaire gur minic a sháraíonn na híocaíochtaí difreálacha a dhéanann sí i leith leanaí a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile na príomhbhuntáistí i Stát cónaithe na leanaí.

92 Séanann Poblacht na hOstaire go bhfuil sé éagórach d’oibrithe cánacha agus ranníocaíochtaí a íoc san Ostair, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le sochair teaghlaigh agus buntáistí sóisialta agus cánach a mhaoiniú, chun iad a fháil ar deireadh thiar i bhfoirm sochar amháin a ndéantar coigeartú ar a luach nuair a bhíonn cónaí ar a gcuid leanaí i mBallstáit eile. Áitíonn sí nach bhfuil an bunús le ranníocaíochtaí fostóirí a ríomh ábhartha. Níl aon bhaint idir aon dliteanas cánach agus teidlíocht do shochair Stáit.

Cinneadh na Cúirte

93 [Mar a ceartaíodh le hordú an 6 Meán Fómhair 2022] Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt cheana féin gurb é cuspóir Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 1408/71, a dréachtaíodh ag baint úsáid, go bunúsach, as an bhfoclaíocht chéanna d’Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 ná go n-áiritheofaí, i gcomhréir le hAirteagal 39 CE, anois Airteagal 45 CFAE, cóir chomhionann maidir le hábhair a bhaineann le slándáil shóisialta, gan idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht, do na daoine lena mbaineann an rialachán sin trí dheireadh a chur le gach idirdhealú i ndáil leis sin a bhíonn de thoradh ar reachtaíocht náisiúnta na mBallstát (breithiúnas an 22 Meitheamh 2011, *Landtová*, C-399/09, EU:C:2011:415, mír 42).

94 Maidir le prionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 45 CFAE, tugtar léiriú nithiúil dó freisin in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011. Sonraítear san fhoráil sin go bhfuil oibrí ar náisiúnach de chuid Ballstáit é leas a bhaint, i gcríoch Ballstáit eile, as na buntáistí

sóisialta agus cánach céanna agus atá ag oibrithe náisiúnta, agus ní mór é a léiriú ar an mbealach céanna le hAirteagal 45 CFAE (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 24 agus mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

95 Cuimsítear leis an gcoincheap de "bhuntáiste sóisialta", arna leathnú le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 d'oibrithe ar náisiúnaigh de chuid Ballstát eile iad, na buntáistí uile, cibé an bhfuil siad nasctha nó nach bhfuil le conradh fostaíochta, a dheonaítear go ginearálta d'oibrithe náisiúnta, go príomha mar gheall ar a stádas oibiachtúil mar oibrithe nó de bhua a n-áit chónaithe amháin sa chríoch náisiúnta, agus dá bhrí sin is cosúil go bhfuil an leathnú den choincheap sin d'oibrithe ar náisiúnaigh de chuid Ballstáit eile iad oiriúnach chun a soghluaisteacht a éascú laistigh den Aontas Eorpach agus, dá bharr sin, a lánpháirtiú sa Bhallstát óstach a éascú. Ina theannta sin, ní fhéadtar an tagairt a dhéantar tríd an bhforáil sin do 'bhuntáistí sóisialta' a léiriú go sriantach (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 25 agus mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

96 Is léir freisin ó chásdlí na Cúirte go bhféadfadh sochair áirithe a bheith ina sochair teaghlaigh de réir bhrí Airteagal 3(1)(j) de Rialachán Uimh. 883/2004 agus buntáiste sóisialta de réir bhrí Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 45 agus mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

97 Sa chás seo, ní chuirtear i gcoinne, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i bpointe 124 dá Thuairim, gur sochair teaghlaigh iad an liúntas teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí araon faoi réir phrionsabal na córa comhionainne atá leagtha síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004, agus gur buntáistí sóisialta iad a thagann faoi raon feidhme Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, agus nach bhfuil sa Bhónas Teaghlaigh 'Plus', liúntas an saothraí aonair, an liúntas tuismitheora aonair agus an creidmheas cánach le haghaidh íocaíochtaí cothabhála ach faoi réir phrionsabal na córa comhionainne a leagtar síos in Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011 amháin.

98 Ar aon nós, tugtar léiriú nithiúil le hAirteagal 4 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus le hAirteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011, do phrionsabal na córa comhionainne maidir le hábhair um shlándáil shóisialta atá leagtha síos in Airteagal 45 CFAE. Dá bhrí sin, ní mór an dá fhoráil sin, i bprionsabal, a léiriú ar an mbealach céanna agus i gcomhréir le hAirteagal 45 CFAE.

99 I gcomhréir le cásdlí na Cúirte, tá idirdhealú atá bunaithe ar áit chónaithe, a d'fhéadfadh a fheidhmiú bheith go príomha chun aimhleasa náisiúnaigh de Bhallstáit eile, toisc gur náisiúnaigh choigríche neamhchónaitheoirí iad i bhformhór na gcásanna, ina idirdhealú indíreach ar fhoras náisiúntachta nach bhfuil ceadaithe ach amháin má tá údar oibiachtúil leis (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

100 Sa chás seo, leis an sásra coigeartúcháin, athraítear méid na sochar teaghlaigh agus na mbuntáistí sóisialta a chumhdaítear leis ar bhonn leibhéal na bpraghsanna in áit chónaithe na leanaí. Dá bhrí sin ní chuirtear coigeartuithe aníos ná anuas i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil cónaí ar an leanbh lasmuigh den Ostair. Sna himthosca sin, ní fhéadtar cur i gcoinne an naisc dhírigh le Stát cónaithe na leanaí.

101 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 130 agus 131 dá Thuairim, maidir leis an laghdú ar mhéid na sochar teaghlaigh agus na mbuntáistí sóisialta agus cánach a eascraíonn as an gcritéar a bhaineann le háit chónaithe leanaí arna leagan síos leis an sásra coigeartúcháin, tá tionchar bunúsach aige sin ar oibrithe imirceacha, ós rud é gur dóichí go bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí i mBallstát eile (breithiúnas an 20 Meitheamh 2013, *Giersch agus Páirtithe Eile*, C-20/12, EU:C:2013:411, mír 44). Ina theannta sin, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte, mar gheall ar dhifríochtaí idir an costas maireachtála sna Stáit sin agus an costas maireachtála san Ostair, mar atá léirithe ag na comhéifeachtaí ceartúcháin atá sa Rialachán Coigeartúcháin, gurb iad na hoibrithe, den chuid is mó, a d'fheidhmigh a saoirse gluaiseachta ó na Stáit sin a gheobhaidh sochair teaghlaigh agus buntáistí sóisialta agus cánach de mhéid níos ísle ná an méid a dheonaítear d'oibrithe náisiúnta.

102 Maidir le hargóint Phoblacht na hOstaire go n-áirithítear leis an sásra coigeartúcháin go gcaitear go héagsúil le staideanna éagsúla mar gheall ar dhifríochtaí i leibhéil na bpraghsanna leis na Stáit lena mbaineann, is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil na sochair teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta agus cánach atá faoi réir an tsásra coigeartúcháin bunaithe ar na costais iarbhír arna dtabhú le linn leanaí a chothabháil. Tá na sochair agus na buntáistí sin ar ráta comhréidh agus athraíonn siad de réir líon agus, nuair is cuí, aois na leanaí, gan a gcuid riachtanas iarbhír a chur san áireamh.

103 Dá réir sin, déantar difear níos mó leis an sásra coigeartúcháin, atá bunaithe ar chritéar áit chónaithe na leanaí thar lear maidir méid na sochar teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta agus cánach a chinneadh, d'oibrithe imirceacha. Mar sin is idirdhealú indíreach é ar fhorais náisiúntachta, rud nach bhfuil ceadaithe ach amháin má tá bonn cirt oibiachtúil leis.

104 Chinn an Chúirt arís agus arís eile, ionas go mbeadh údar maith leis, nach mór an t-idirdhealú indíreach sin a bheith oiriúnach chun cuspóir dlisteanach a bhaint amach agus nach mór dó dul thar atá riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach (breithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Caisse pour l'avenir des enfants (Leanbh an chéile d'oibrí teorann)*, C-802/18, EU:C:2020:269, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Is bonn cirt gan bhunús é an bonn cirt a chuir Poblacht na hOstaire ar aghaidh, a bhfuil an coigeartú ar mhéid na sochar do leanaí neamhchónaitheacha beartaithe dá réir a áirithiú go mbeidh luach eacnamaíoch ar an tacaíocht agus ar an bhfaoiseamh iarmhartach ó chostais teaghlaigh a bheidh comhréir le luach eacnamaíoch na sochar do leanaí a bhfuil cónaí orthu san Ostair, ar na cúiseanna atá leagtha amach i mír 102 thuas. Ina theannta sin, mar a tugadh faoi deara cheana i mír 52 thuas, níl na sochair teaghlaigh agus na buntáistí sóisialta atá i gceist faoi réir an tsásra coigeartúcháin i gcás ina bhfuil cónaí ar na leanaí san Ostair, cé go bhfuil sé comhthuiscint ann go bhfuil, idir na réigiúin sin. Ballstáit, difríochtaí i leibhéil praghsanna atá inchomparáide ó thaobh scála leo siúd a d'fhéadfadh a bheith ann idir Poblacht na hOstaire agus Ballstáit eile. Leis an easpa comhsheasmhachta sin i gcur i bhfeidhm an tsásra, deimhnítear nach féidir glacadh leis an mbonn cirt a chuir Poblacht na hOstaire chun cinn.

106 Ina theannta sin, ní féidir údar a thabhairt leis an cóir mhíchothrom a eascraíonn as an sásra coigeartúcháin de bharr an chuspóra, a raibh Poblacht na hOstaire ag brath air, chun feidhm thacúil agus cothroime an chórais shóisialta a áirithiú.

107 Ar an gcéad dul síos, mar a shonraigh an Coimisiún le linn an nós imeachta i scríbhinn os comhair na Cúirte, ní léirítear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí go bhfuil baol ann go mbainfí an bonn go mór d'iarmhéid airgeadais an chórais nach bhféadfaí a leigheas ach amháin trí shásra

coigeartúcháin a bhunú, ná go bhfuil sé de chumas ag an sásra coigeartúcháin bainistiú na sochar teaghlaigh agus na mbuntáistí sóisialta agus cánach a shimpliú. Fiú más rud é, mar a éilíonn Poblacht na hOstaire, go bhfuil costais bhreise an tsásra coigeartúcháin an-teoranta, is é fírinne an scéil go bhfuil costais bhreise den sórt sin ann. Mar sin féin, ní chuirtear i gcoinne, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara go cuí i bpointe 142 dá Thuairim, go n-íocann gach duine a ranníocann le buiséad an Stáit na costais sin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint ó thuarascáil na Cúirte Iniúchóirí nach bhfuil an riosca go ndéanfaí dochar do chomhardú airgeadais an chórais slándála sóisialta de thoradh ar shochair a íoc le hoibrithe a bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí lasmuigh den Ostair, ós rud é go meastar nach ionann na híocaíochtaí sin ach timpeall agus 6 % den chaiteachas i leith sochar teaghlaigh, ach go bhféadfadh an riosca sin de bheith mar thoradh ar easpa seiceálacha iomchuí maidir le deonú na sochar sin.

108 Ina dhiaidh sin, tá saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas Eorpach bunaithe ar roinnt prionsabal, lena n-áirítear prionsabal na córa comhionainne. Ina theannta sin, déantar a chur chun feidhme i réimse na slándála sóisialta a áirithiú le reachtaíocht an Aontais atá bunaithe, *inter alia*, ar an bprionsabal go mbeidh feidhm ag reachtaíocht Ballstáit aonair sa réimse sin. Féachtar leis an bprionsabal sin, a leagtar síos in Airteagal 11(1) de Rialachán Uimh. 883/2004, le deireadh a chur le cóir mhíchothrom a bheadh, d'oibrithe ag bogadh laistigh den Aontas Eorpach, mar thoradh ar fhorluí páirteach nó iomlán ar an reachtaíocht is infheidhme. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den Rialachán sin, d'fhonn a ráthú go bhfuil cóir chomhionann ann do gach duine atá á áitiú i gcríoch Ballstáit ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir, tá duine atá fostaithe nó féinfhostaithe i mBallstát faoi réir, mar riail ghinearálta, reachtaíocht an Bhallstáit sin agus, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán sin, beidh na sochair chéanna aige ansin agus a bheidh ag náisiúnaigh an Stáit sin.

109 Ar deireadh, chinn an Chúirt arís agus arís eile go rannchuidíonn oibrithe imirceacha le maoiniú bheartais shóisialta an Bhallstáit óstaigh trí na ranníocaíochtaí cánach agus slándála sóisialta a íocann siad sa Stát sin de bhua a bhfostaíochta ann. Ní mór dóibh a bheith in ann leas a bhaint astu mar sin faoi na coinníollacha céanna le hoibrithe náisiúnta (breithiúnas an 10 Iúil 2019, *Aubriet*, C-410/18, EU:C:2019:582, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá réir sin, treisítear leis an bhfachtóir sin an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige nach mór d'oibrithe imirceacha leas a bhaint as cóir chomhionann maidir le sochair teaghlaigh agus buntáistí cánach agus sóisialta.

110 Sa chás seo, ní chuirtear i gcoinne go ndéantar liúntais teaghlaigh na hOstaire a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí fostóirí arna ríomh ar bhonn mhéid iomlán phá na n-oibrithe a fhostaíonn siad, agus is é an toradh a bhíonn air sin go nglacann an t-oibrí imirceach páirt sa tslí chéanna agus a ghlacann oibrí náisiúnta maidir le méid na suimeanna a íocfaidh a fhostóir nó a fostóir a chinneadh, gan áit chónaithe leanaí na n-oibrithe sin a chur san áireamh. Baineann an rud céanna leis an mBónas Teaghlaigh 'Plus' agus leis na creidmheasanna cánach eile atá faoi réir an tsásra coigeartúcháin, ós rud é go ndéantar na buntáistí cánach sin a mhaoiniú trí cháin ioncaim oibrithe, gan idirdhealú ar bith de réir cibé an bhfuil nó nach bhfuil cónaí ar a gcuid leanaí san Ostair.

111 Sna himthosca sin, agus mar a shonraigh an tAbhcóide Ginearálta i bpointe 146 dá Thuairim, ní mór a chinneadh nach bhfuil an difríocht sa chóir de réir áit chónaithe linbh an oibrí lena mbaineann arna suíomh leis an sásra coigeartúcháin iomchuí ná riachtanach chun críocha feidhm thacúil agus cothroime an chórais shóisialta a áirithiú.

112 Dá bhrí sin, ní mór a mheas freisin go bhfuil bunús maith leis an dara gearán ón gCoimisiún.

113 I bhfianaise an méid thuasluaite, ní mór a chinneadh:

– tríd an sásra coigeartúcháin a bhunú is infheidhme maidir le liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach leanaí i gcás oibrithe a bhfuil buanchónaí ar a leanaí i mBallstát eile, theip ar Phoblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 4 agus faoi Airteagal 67 de Rialachán Uimh. 883/2004 agus faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011; agus

– trí shásra coigeartúcháin a bhunú is infheidhme maidir leis an mBónas Teaghlaigh 'Plus', an liúntas do shaothraí aonair, liúntas an tuismitheora aonair agus an creidmheas cánach d'íocaíochtaí cothabhála, d'oibrithe imirceacha a bhfuil buanchónaí ar a leanaí i mBallstát eile, gur theip ar Phoblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011.

Costais

114 Faoi Airteagal 138(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc má tá iarraidh ina leith sin i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis. Ós rud é go bhfuil iarratas déanta ag an gCoimisiún ar na costais agus nár éirigh le Poblacht na hOstaire, is iomchuí a ordú di na costais a íoc.

115 I gcomhréir le hAirteagal 140(1) agus (2) de na Rialacha Nós Imeachta, faoina bhfuil na Ballstáit, na Stáit, seachas na Ballstáit, atá ina bpáirtithe sa Chomhaontú LEE, agus an tÚdarás Faireacháin CSTE freisin, a rinne idiragairt sna himeachtaí a gcostas féin a íoc, ní mór do Phoblacht na Seice, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht na Cróite, do Phoblacht na Polainne, don Rómáin, do Phoblacht na Slóivéine agus do Phoblacht na Slóvaice, agus do Ríocht na hIorua agus don Údarás Faireacháin CSTE a gcostas féin a íoc.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Dara Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Tríd an sásra coigeartúcháin a bhunú de thoradh na leasuithe ar mhír 8a de Bundesgesetz betreffend den Familienlastenausgleich durch Beihilfen (Dlí Cónaidhme maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais) an 24 Deireadh Fómhair 1967, arna leasú le Bundesgesetz mit dem das Familienlastenausgleichsgesetz 1967, das Einkommensteuergesetz 1988 und das Entwicklungshelfergesetz geändert werden (Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme, 1967, maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus an Dlí maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta) an 4 Nollaig 2018, agus ar mhír 33 de Bundesgesetz über die Besteuerung des Einkommens natürlicher Personen (Dlí Cónaidhme maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha) an 7 Iúil 1988, arna leasú le Jahressteuergesetz 2018 (Dlí Cánach Bliantúil, 2018) an 14 Lúnasa 2018, agus leis an Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme, 1967, maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus Dlí an 4 Nollaig 2018 maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta, is infheidhme maidir le liúntais teaghlaigh agus an creidmheas cánach linbh d'oibrithe a bhfuil cónaí buan ar a gcuid leanaí i mBallstát eile, mhainnigh Poblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagail 4 agus 67 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004**

maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, agus faoi Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas.

2. **Tríd an sásra coigeartúcháin a bhunú de thoradh na leasuithe ar mhír 8a de Bundesgesetz betreffend den Familienlastenausgleich durch Beihilfen (Dlí Cónaidhme maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais) an 24 Deireadh Fómhair 1967, arna leasú le Bundesgesetz mit dem das Familienlastenausgleichsgesetz 1967, das Einkommensteuergesetz 1988 und das Entwicklungshelfergesetz geändert werden (Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme, 1967, maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus an Dlí maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta) an 4 Nollaig 2018, agus ar mhír 33 de Bundesgesetz über die Besteuerung des Einkommens natürlicher Personen (Dlí Cónaidhme maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha) an 7 Iúil 1988, arna leasú le Jahressteuergesetz 2018 (Dlí Cánach Bliantúil 2018) an 14 Lúnasa 2018, agus leis an Dlí Cónaidhme lena leasaítear an Dlí Cónaidhme, 1967, maidir le cúiteamh ar chostais teaghlaigh trí liúntais, an Dlí Cónaidhme, 1988, maidir le cánachas ar ioncam daoine nádúrtha agus Dlí an 4 Nollaig 2018 maidir le stádas oibreoirí cúnaimh fobraíochta, is infheidhme maidir le Bónas an Teaghlaigh 'Plus', an liúntas do shaothraí aonair, liúntas an tuismitheora singil agus an creidmheas cánach d'íocaíochtaí cothabhála, d'oibrithe imirceacha a bhfuil cónaí buan ar a gcuid leanaí i mBallstát eile, mhainnigh Phoblacht na hOstaire a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 7(2) de Rialachán Uimh. 492/2011.**

3. **Ordaítear do Phoblacht na hOstaire a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.**

4. **Ordaítear do Phoblacht na Seice, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht na Cróite, do Phoblacht na Polainne, don Rómáin, do Phoblacht na Slóivéine agus do Phoblacht na Slóvaice, agus do Ríocht na hIorua agus d'Údarás Faireacháin CSTE a gcostais féin a íoc.**

[Sínithe]